Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2014

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2014
# SCÉIM MHARCÁLA

# EACNAMAÍOCHT

# GNÁTHLEIBHÉAL

# Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta
## le húsáid leis an Scéim Mharcála

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnaitheach.
- **Ní** freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.
- I gcuid mhaith cásanna d'fhéadfadh go mbeadh eochairfhrásaí, a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé na marcanna sannta, sna nótaí tacaíochta.
- Déantar pointí ábhartha breise a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronntar marcanna de réir a bhfiúntais.
- Is é an comhthéacs, an tslí ina gcuirtear an cheist agus líon na marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar a chinneann na mionsonraí a bheidh ag teastáil i bhfreagra ar bith. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athródh na riachtanais ó bhliain go bliain.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a bhronnadh.

## *INNÉACS NA gCEISTEANNA*


| Uimhir | Topaic | Lch (lgh) |
|---|---|---|
| | **Roinn A** | **3 - 6** |
| | **Roinn B** | |
| **1** | **Monaplacht agus Bus Átha Cliath** | **7 – 9** |
| **2** | **Earraí eacnamaíochta, Éileamh agus Tomhaltas alcóil** | **10 - 12** |
| **3** | **Córais gheilleagracha, Forbairt Gheilleagrach agus Fás Geilleagrach** | **13 - 15** |
| **4** | **Cánachas, Déine agus Cáinaisnéis 2014** | **16 - 19** |
| **5** | **Costais, Fiontraíocht agus Suíomh gnólachta** | **20 - 22** |
| **6** | **Téarmaí eacnamaíochta, Ráta Úis agus Institiúidí Airgeadais** | **23 - 25** |
| **7** | **Trádáil, Easpórtálacha agus méadú an AE** | **26 - 28** |
| **8** | **Eisimirce, an Dífhostaíocht agus Cuspóirí Eacnamaíochta** | **29 - 33** |

## ROINN A

**1.** Críochnaigh an ráiteas seo a leanas:

Is eolaíocht **SHÓISIALTA** í an eacnamaíocht.

Déantar scrúdú inti ar an dóigh a mbaintear úsáid as **ACMHAINNÍ / TOSCA TÁIRGEACHTA / IONCHUIR** tearca d'fhonn ár d**TEASTÁLACHA** éigríochta a shásamh.

**An 1ú freagra ceart: 8 marc / An 2ú agus an 3ú freagra ceart: 4 mharc an ceann**

**2.** Cuir in iúl le tic (✓) cén chatagóir a mbaineann gach earra nó seirbhís díobh seo léi:

| **Ráiteas** | **Easpórtálacha Sofheicthe** | **Easpórtálacha Dofheicthe** | **Iompórtálacha Sofheicthe** | **Iompórtálacha Dofheicthe** |
|---|---|---|---|---|
| Feirmeoirí Éireannacha ag díol mairteola sa Ríocht Aontaithe. | ✓ | | | |
| Lucht leanúna rugbaí as Éirinn ag taisteal go dtí an Fhrainc. | | | | ✓ |
| Meiriceánaigh ag taisteal go hÉirinn ar Aer Lingus. | | ✓ | | |
| Tomhaltóirí Éireannacha ag ceannach geansaithe cochallacha Abercrombie ón na Stáit Aontaithe ar líne. | | | ✓ | |

**An 1ú freagra ceart: 10 marc / an 2ú, 3ú agus 4ú freagra ceart: 2 mharc an ceann**

**3.** Roghnaigh an focal ceart as **na focail a bhfuil lúibíní thart orthu** chun an ráiteas seo a leanas a chríochnú:

De réir mar a bhíonn cainníochtaí **MÉADAITHEACHA** (méadaitheacha / laghdaitheacha) d'earra á dtomhailt, ar deireadh thiar **TITFIDH** (ardófar / titfidh) an áirgiúlacht imeallach a ghnóthaítear as gach aonad breise den earra a thomhlaítear.

**(16 mharc)**

**An 1ú freagra ceart: 12 mharc / An 2ú freagra ceart: 4 mharc**

**4.** Tabhair breac-chuntas ar iarmhairt eacnamaíochta **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag laghdú ar phá san earnáil phoiblí ar **gach** ceann díobh seo a leanas:

Miondíoltóirí in Éirinn

**Éileamh laghdaithe / níos lú díolachán / brabús níos ísle**
Bíonn an t-ioncam indiúscartha a laghdú nuair a bhíonn leibhéil phá ag titim, rud is cúis le héileamh laghdaithe ar earraí/ar sheirbhísí na miondíoltóirí agus tiocfaidh laghdú ar dhíolacháin dá bharr. Mar thoradh ar níos lú díolachán, beidh laghdú ar bhrabús na miondíoltóirí.

**Laghdú ar an bhfostaíocht**
Má thagann laghdú ar dhíolacháin / ar bhrabús, seans go laghdóidh na miondíoltóirí sin líon a lucht oibre agus/nó go dtabharfaidh siad níos lú uaireanta oibre do roinnt fostaithe.

**Dúnadh roinnt miondíoltóirí**
D'fhéadfadh go mbeadh ar roinnt miondíoltóirí dúnadh

Airgeadas an Rialtais

**Laghdú ar chaiteachas reatha / ar iasachtaíocht an rialtais**
Titfidh bille pá na n-oibrithe san earnáil phoiblí, agus laghdóidh sé sin caiteachas an rialtais / d'fhéadfadh sé cabhrú leis an rialtas a gcuid iasachtaí a laghdú.

**Ioncam cánach laghdaithe .**
Agus ioncam níos ísle i gceist, tiocfaidh titim ar ioncam cánach dírí, e.g. cáin ioncaim. Ina theannta sin, má thagann meath ar ghníomhaíocht ghnó, seans go dtiocfaidh meath ar mhéid na Cánach Brabúis Chorparáide. Beidh níos lú caiteachais ann mar gheall ar laghdú ar an ioncam indiúscartha , rud a ísleoidh cánacha indíreacha. Beidh laghdú ar ioncam cánach mar thoradh air sin.

**Íocaíochtaí leasa shóisialaigh méadaithe**
D'fhéadfadh go mbeadh ar ghnólachtaí oibrithe a dhéanamh iomarcach mar thoradh ar an laghdú ar éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí. D'fhéadfadh go mbeadh ar oibrithe i ngráid ísle san earnáil phoiblí íocaíochtaí forlíontacha ioncaim / cártaí liachta a fháil.

**(16 mharc)**


**An 1ú freagra ceart: 10 marc / An 2ú freagra ceart: 6 mharc**

**5.** Cuir i gcás go bhfuil **C + I + G = €3,200m,** ríomh an t**Ioncam Náisiúnta (Y)** más ionann easpórtálacha (**X**) agus €500m agus más ionann iompórtálacha (**M**) agus €400m.
(**Taispeáin do chuid oibrithe go léir**).

| Oibriú amach | Freagra |
|---|---|
| **Y = C + I + G + X – M**<br>**Y = €3,200m + €500m - €400m** | **€ 3,300m** |

**5 chomhpháirt ceart: 3 mharc an ceann** / An **Freagra ceart: 1 mharc**

**6.** Léiríonn an léaráid thíos cuar sholáthar an tsaothair i margadh ina bhfuil íosphá idirbheartaithe ag ceardchumann.




Cuir tic (✓) le **Fíor** nó **Bréagach** i ndiaidh gach ceann de na ráitis seo a leanas:

| **Ráiteas** | **FÍOR** | **BRÉAGACH** |
|---|---|---|
| Is é $W_1$ an ráta íosphá sa léaráid thuas. | ✓ | |
| Beidh baill an cheardchumainn ag obair ar ráta pá níos ísle ná $W_1$. | | ✓ |
| De réir mar a éiríonn an ráta pá os cionn $W_1$, **titeann** soláthar an tsaothair. | | ✓ |

**An 1ú & an 2ú freagra ceart: 7 marc an ceann / an 3ú freagra ceart: 3 mharc**

**7.** Dé réir na Scéime Dreasachta Athchóirithe Tí a tugadh isteach i gCáinaisnéis 2014 tá úinéirí tí i dteideal faoiseamh cánach a éileamh as obair athchóirithe ar a dtithe.

Luaigh iarmhairt eacnamaíochta **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag an scéim seo ar **gach** ceann díobh seo a leanas:

Gnólachtaí Éireannacha

**Éileamh ar tháirgí**
Beidh díolacháin mhéadaithe agus brabús méadaithe sa gheilleagar intíre mar thoradh ar éileamh méadaithe.

**Fostaíocht / Laghdú ar rátaí dífhostaíochta do dhaoine i gceird na tógála**
Má mhéadaíonn díolacháin, beidh níos mó oibrithe ag teastáil / seans go mbeidh na poist atá ann cheana ina bpoist níos daingne.

**Deiseanna le fairsingiú**
D'fhéadfadh gnólachtaí san earnáil feabhsúchán tí a bheith ábalta fairsingiú agus leas a bhaint as éifeachtúlachtaí costais.

**D'fhéadfadh gnólachtaí 'dlisteanacha' forbairt**
D'fhéadfadh go mbeadh laghdú ar an éileamh ar sheirbhísí uathu sin atá gafa leis an ngeilleagar dubh. Thabharfadh sé sin deis do ghnólachtaí 'dlisteanacha' fás.

Úinéirí Tí:

**Caighdeán maireachtála níos fearr / ioncam indiúscartha méadaithe**
Feabhsóidh teach feabhsaithe caighdeán a saoil.

**D'fhéadfadh luach na réadmhaoine ardú**
D'fhéadfadh luach na réadmhaoine ardú mar thoradh ar an athchóiriú.

**Ar phraghas níos réasúnta / titeann an glanchostas ar fheabhsú tí**
Laghdaíonn an faoiseamh cánach an costas agus, mar sin de, tá sé ar acmhainn níos mó daoine a dtithe a fheabhsú.

**Aisíocaíocht níos tapa iasachtaíochta**
D'fhéadfaí an faoiseamh cánach, agus é faighte, a fhritháireamh in aghaidh iasachtaíochta le go bhféadfaí iasachtaí a aisíoc níos tapa.

**Tiocfaidh laghdú ar bhillí fuinnimh sa todhchaí**
Beidh laghdú ar na billí fuinnimh mar thoradh ar fheabhsúcháin ar chaighdeáin tógála agus ar chaomhnú fuinnimh.

**An 1ú freagra ceart: 11 mharc / An 2ú freagra ceart: 6 mharc**

**8.** Meaitseáil na smaointe eacnamaíochta ar an liosta thíos leis an eacnamaí a luaitear leis:

| Smaoineamh Eacnamaíochta | Eacnamaí |
|---|---|
| A. Prionsabail an Chánachais | 1. John Maynard Keynes |
| B. Teoiric na Tosaíochta don Leachtacht | 2. Karl Marx |
| C. Teoiric an Daonra agus Sholáthar an Bhia | 3. Adam Smith |
| D. Dúshaothrú an lucht oibre i gcóras caipitlíoch. | 4. Thomas Malthus |

| **Smaoineamh eacnamaíochta** | **A** | **B** | **C** | **D** |
|---|---|---|---|---|
| **Eacnamaí** | **3** | **1** | **4** | **2** |

**An 1ú freagra ceart: 8 marc / An 2ú, 3ú & an 4ú freagra ceart: 3 mharc an ceann**

**9.** Tomhaistear **Praghas Leaisteachas an Éilimh (PLÉ)** leis an bhfoirmle a leanas:

$$\frac{\Delta Q}{\Delta P} \times \frac{P_1 + P_2}{Q_1 + Q_2}$$


Comhlánaigh an tábla seo a leanas agus cuir in iúl cad dó a seasann gach ceann de na siombailí thuas:

| | |
|---|---|
| $\Delta Q$ | **Athrú ar an gcainníocht den earra atá á héileamh.** |
| $\Delta P$ | ~~Athrú ar phraghas an earra~~. |
| $P_1$ | **Praghas bunaidh an earra.** |
| $P_2$ | **Praghas nua / reatha an earra** |
| $Q_1$ | ~~Cainníocht tosaigh an earra atá á éileamh.~~ |
| $Q_2$ | **An chainníocht nua / reatha den earra atá á héileamh** |

**An 1ú freagra ceart: 8 marc**
**An 2ú, an 3ú & an 4ú freagra ceart: 3 mharc an ceann.**

## C1 Monaplacht agus Bus Átha Cliath

**1.** Sa léaráid thíos taispeántar gnólacht **Monaplachta** atá i gcothromaíocht.




(a) Déan cóip den léaráid i do fhreagarleabhar.

(i) Luaigh cad dó a seasann **gach** ceann de na lipéid a bhfuil ciorcal thart orthu thuas.

(ii) Tá an gnólacht seo i gcothromaíocht ag pointe E agus táirgeann sé aschuir $Q_1$.
Taispeáin ar do léaráid:

- an praghas a ghearrfaidh an gnólacht ar $Q_1$. (úsáid lipéad $P_1$)
  meánchostas táirgeachta an aschuir seo. (úsáid lipéad $C_1$)

**(30 marc)**

| **Lipéad** | **Teideal Iomlán:** | |
|---|---|---|
| P | Praghas | **4 mharc** |
| MCh | **Meán**chostas | **4 mharc** |
| CI | Costas **Imeallach** | **4 mharc** |
| MI | **Meán**ioncam | **4 mharc** |
| II | Ioncam **Imeallach** | **4 mharc** |

(ii) Tá cothromaíocht ann ag **pointe E** ar an léaráid. **10 marc**
Taispeáin ar do léaráid:

- An praghas a ghearrfaidh an gnólacht ar Q1 (úsáid lipéad $P_1$)
- meánchostas táirgeachta an aschuir seo (úsáid lipéad $C_1$)

| | |
|---|---|
| **$C_1$** | **meánchostas táirgeachta an aschuir seo** |
| **$P_1$** | **an praghas a ghearrtar ar an aschur seo** |

An 1ú freagairt ceart: **6 mharc / an 2ú freagra ceart: 4 <u>mharc</u>**

(b) Is bacainn ar iontráil í monaplacht dhleathach/reachtúil.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Luaigh **dhá** bhacainn **eile** ar iontráil a bhíonn roimh ghnólachtaí a bhíonn ag iarraidh dul isteach i margadh monaplachta.
(iii) Scríobh nótaí gearra ar **gach** ceann díobh.

**(21 marc)**

**Monaplacht dhleathach/reachtúil**:

D'fhéadfadh an rialtas an ceart aonair a bhronnadh ar chuideachta chun earra nó seirbhís a sholáthar ionas go mbeidh srianadh dleathach ar iomaíocht.

**7 marc**

(i) & (iii)

| |
|---|
| **Úinéireacht Paitinne / Cóipchirt** |
| Bronnfaidh paitinn / cóipcheart an ceart aonair ar ghnólacht chun próiseas áirithe déantúsaíochta le haghaidh tráchtearra áirithe. |
| **Comhaontuithe Trádála agus Claonpháirteachas.** |
| D'fhéadfadh gnólachtaí comhaontuithe trádála a dhéanamh le soláthraithe eile, i.e. dul i gclaonpháirt leo, ionas nach mbeadh aon ghnólacht eile in ann an tráchtearra a sholáthar do chuid áirithe den mhargadh. |
| **Úinéireacht amhábhar** |
| D'fhéadfadh cuideachta an ceart aonair a bheith aici chun na hamhábhair a fháil agus tríd sin, a bheith ina monaplacht sa mhargadh áirithe sin, e.g. cuideachta sirtheoireachta ola. |
| **Teastaíonn mórinfheistíocht chaipitil ón tionscal / Barainneachtaí scála** |
| I gcás roinnt tionscal bíonn an caipiteal a theastaíonn le cuideachta a bhunú sa tionscal sin chomh mór sin nach féidir le haon chuideachta feidhmiú sa mhargadh ach an chuideachta ar féidir léi an caipiteal riachtanach a bhailiú. |
| **Cumaisc / Táthcheangail** |
| Trí chumasc a dhéanamh le hiomaitheoir nó tríd an iomaitheoir a cheannach, d'fhéadfadh gnólacht a bheith mar sholáthraí monaplachta sa tionscal sin. |
| **Monaplachtaí bunaithe ar scéin, ar iallach nó ar bhagairtí** |
| D'fhéadfadh grúpa aonair nó grúpa daoine, de bharr scéine, iallaigh nó bagairtí, daoine eile a stopadh ó dhul san iomaíocht leis an soláthraí, e.g. soláthar drugaí neamhdhleathacha. |

**2 × 7 marc an ceann**

-

**(c)** Tá monaplacht ag Bus Átha Cliath ar sheirbhísí bus ar bhealaí áirithe i mBaile Átha Cliath. Tá daoine áirithe ag moladh gur chóir breis iomaíochta a bheith ann i gcomhair seirbhísí bus i mBaile Átha Cliath.

(i) Luaigh agus mínigh **dhá** bhuntáiste do thomhaltóirí atá ag an monaplacht dhleathach **seo**.
(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a bhféadfadh tomhaltóirí buntáiste a bhaint as breis iomaíochta.

**(24 marc)**

(i) Luaigh agus mínigh **dhá** bhuntáiste do thomhaltóirí atá ag an monaplacht dhleathach **seo**.

**Seirbhís áisiúil iontaofa**
Tairgeann Bus Átha Cliath raon leathan de sheirbhísí áisiúla don phobal agus cruthaíonn na seirbhísí sin go bhfuil siad iontaofa i bhformhór na gceantar a bhfreastalaítear orthu.

**Soláthar seirbhísí poiblí**
Cuireann Bus Átha Cliath seirbhísí ar fáil do roinnt mhaith ceantar i gCathair Bhaile Átha Cliath agus i gContae Bhaile Átha Cliath, fiú na ceantair ina bhféadfadh sé a bheith neamhbhrabúsach déanamh amhlaidh. Cuirtear an tseirbhís seo ar fáil i gceantair i mBaile Átha Cliath nach bhfeidhmíonn an LUAS; Iompar fo-uirbeach traenach ná an DART iontu.

**2 phointe: 6 mharc an ceann = 12 mharc**

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a bhféadfadh tomhaltóirí buntáiste a bhaint as breis iomaíochta.

**Cáilíocht na seirbhíse níos fearr**
D'fhéadfadh gnólachtaí nua cáilíocht / éifeachtúlacht na seirbhíse a fheabhsú, i.e. amanna níos áisiúla; busanna ar chaighdeán níos fearr; tréimhsí iompair níos tapa.

**Praghsanna níos ísle**
D'fhéadfadh na gnólachtaí nua a seirbhísí a thairiscint do thomhaltóirí ar phraghsanna níos iomaíche.

**Fáil níos fearr ar sheirbhísí**
Mar thoradh ar sholáthraithe breise, d'fhéadfadh go gcuirfí tuilleadh bealaí leis agus go méadódh minicíocht na seirbhíse freisin.

**2 phointe: 6 mharc an ceann = 12 mharc**

## C2 Earraí eacnamaíochta, Éileamh agus Tomhaltas alcóil

**(a)** Bíonn earra eacnamaíochta gann agus inaistrithe, agus soláthraíonn sé áirgiúlacht don tomhaltóir.

(i) Mínigh **aon dá cheann** de na téarmaí a bhfuil líne fúthu.
(ii) An earra eacnamaíochta í dea-shláinte? Mínigh do fhreagra.

**(21 marc)**

(i) Mínigh **aon dá cheann** de na téarmaí a bhfuil líne fúthu.

**Gann**
Ní mór méid níos lú den earra a bheith ar fáil ná atá á éileamh, sin nó ní bheadh fonn ar dhaoine praghas a íoc as.

**Inaistrithe**
Ní mór a bheith ábalta úinéireacht a thabhairt ó dhuine amháin go duine eile.

**Áirgiúlacht**
Ní mór don earra sásamh a thabhairt don tomhaltóir.


**Míniúcháin: 2 phointe: 7 marc an ceann = 14 mharc**

(ii) An earra eacnamaíochta í dea-shláinte? Mínigh do fhreagra.

**Ní hea. Níl sí inaistrithe** ó dhuine amháin go duine eile.

**7 marc**

**(b)** Taispeánann an léaráid thíos aistriú i gcuar an éilimh ar charranna nua in Éirinn.




(i) Mínigh Dlí an Éilimh.
(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith le haistriú chuar an éilimh ar charranna nua ar dheis.
(iii) Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste eacnamaíochta **amháin** a bhainfeadh an tsochaí as méadú ar úsáid carranna leictreacha.

**(24 marc)**

(i) Mínigh Dlí an Éilimh.

Sonraíonn sé seo go dtiteann t-éileamh ar an earra de réir mar **a mhéadaíonn an praghas** (má fhanann gach rud eile mar atá).

**6 mharc**

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith le haistriú chuar an éilimh ar charranna nua ar dheis.

| **Ráiteas** | **Míniúchán** |
|---|---|
| Fáil ar thairiscintí ó dhíoltóirí carranna | Tá iasachtaí ar rátaí ísle úis nó ar ráta nialasach úis á dtairiscint ag roinnt cuideachtaí.<br>Tá liúntais tharraingteacha trádála isteach á dtairiscint ag roinnt díobh freisin. |
| Tús áite do rátaí bliantúla níos ísle cánach ar charranna | Tá daoine a bhfuil sé ar a n-acmhainn déanamh amhlaidh ag athrú a gcarranna mar thoradh ar na rátaí bliantúla níos ísle cánach / ar chostais laghdaithe chothabhála |
| Tús áite d'éifeachtúlacht breosla níos fearr | Tá roinnt daoine ag athrú a gcarranna chun carr a fháil a bhfuil éifeachtúlacht breosla níos fearr aige agus chun a gcostais reáchtála a laghdú dá bharr. |
| Muinín mhéadaithe laistigh den gheilleagar | Tá muinín daoine méadaithe agus méadú dá thoradh ar dhíolacháin carranna mar thoradh ar fhostaíocht mhéadaithe, ar ioncam méadaithe do roinnt fostaithe agus ar mhéadú ar an bhfás geilleagrach. |

**2 phointe: 6 mharc an ceann = 12 mharc**

(iii) Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste eacnamaíochta **amháin** a bhainfeadh an tsochaí as méadú ar úsáid carranna leictreacha.

**Astuithe carbóin laghdaithe / comhshaol níos glaine**
Laghdófar astuithe mar thoradh ar an athrú go carranna leictreacha agus is fearr sin don chomhshaol.

**Feithiclí níos nua ar na bóithre (Sábháilteacht)**
Athróidh daoine ó fheithiclí níos sine agus ba chóir go mbeadh na bóithre níos sábháilte agus go mbeadh níos lú timpistí ar na bóithre dá bharr.

**Cuirfear níos lú de na hacmhainní ganna amú / spleáchas ar ola/ar ghás laghdaithe**
Úsáidfear níos lú breoslaí iontaise.

**1 bhuntáiste: 6 mharc**

(c) "Tá an rialtas ag smaoineamh ar íosphraghas ar alcól a thabhairt isteach d'fhonn cur in aghaidh mí-úsáid alcóil."

(i) Luaigh agus mínigh beart **amháin eile** a d'fhéadfadh an rialtas a dhéanamh chun tomhaltas alcóil a laghdú.
(ii) Déan plé ar **dhá** shochar a d'fhéadfadh **daoine aonair** a bhaint as a dtomhaltas alcóil a laghdú.
(iii) Déan plé ar **dhá** shochar a d'fhéadfadh **an tsochaí** a bhaint as titim i dtomhaltas an alcóil. **(30 marc)**

(i) Luaigh agus mínigh beart **amháin eile** a d'fhéadfadh an rialtas a dhéanamh chun tomhaltas alcóil a laghdú.

**Cánacha:** cánacha (dleacht mháil/CBL) ar alcól a mhéadú.

**Uaireanta oscailte:** dá gcuirfí teorainn le huaireanta oscailte in ollmhargaí, d'fhéadfadh go gcuirfeadh sé teorainn leis an am atá ar fáil chun alcól a thomhailt.

**Teorainneacha a chur leis an méid is féidir a cheannach** mar a rinneadh i gcás táibléad áirithe a cheannaítear i gcógaslanna.

**Srianta aoise:** an aois dhlíthiúil chun alcól a ól a ardú.

**Pointí díolacháin:** teorainn a chur le líon na n-áiteanna ina ndíoltar alcól.

**Urraíocht:** cosc a chur ar an Tionscal Deochanna urraíocht / fógraíocht a dhéanamh ar ócáidí.

**Feasacht Tomhaltóirí**: úsáid a bhaint as feachtais fógraíochta chun feasacht a ardú maidir leis an mbaol a bhaineann le barraíocht alcóil a ól.

**Pionóis mhéadaithe:** pionóis níos géire a chur i bhfeidhm ar ghnólachtaí a dhíolann alcól le daoine faoi aois.

**6 mharc**

(ii) Déan plé ar **dhá** shochar a d'fhéadfadh **daoine aonair** a bhaint as a dtomhaltas alcóil a laghdú.

**Tuilleadh ioncaim indiúscartha:** má cheannaíonn daoine níos lú alcóil, beidh tuilleadh ioncaim indiúscartha acu.

**Stíl mhaireachtála níos sláintiúla:** d'fhéadfadh daoine mothú níos sábháilte mar thoradh ar níos lú drochthionchair ó thomhaltas alcóil.

**Caiteachas ar chúram sláinte laghdaithe:** caithfidh daoine níos lú airgid ar chuairteanna ar an dochtúir, ar chúram sláinte etc. mar gheall ar níos lú tinneas.

**Préimheanna an árachais sláinte laghdaithe:** de ghnáth, dá laghad an t-alcól a ólann duine is amhlaidh is mó a laghdaítear an riosca drochshláinte agus d'fhéadfadh préimheanna níos saoire árachais a bheith ann dá bharr.

**Táirgiúlacht mhéadaithe:** má tá oibrí níos sláintiúla / níos sona, seans go mbeidh sé/sí níos táirgiúla ina c(h)uid oibre, agus d'fhéadfadh méadú ar phá a bheith ina thoradh air sin.

**2 × 6 mharc = 12 mharc**

(iii) Déan plé ar **dhá** shochar a d'fhéadfadh **an tsochaí** a bhaint as titim i dtomhaltas an alcóil.

**Laghdú ar leibhéil neamhláithreachta**: d'fhéadfadh oibrithe a bheith as láthair níos annaimhe / níos lú íocaíochtaí ar leas sóisialach / geilleagar níos táirgiúla.

**Brú ar ospidéil laghdaithe:** níos lú daoine á gcur isteach i rannóga Timpistí agus Éigeandála.

**Laghdú ar bhásanna de thoradh alcóil / laghdú ar leibhéil choireachta:** níos lú costas sóisialta don tsochaí.

**Daonra níos sláintiúla:** as a dtiocfaidh éileamh níos lú ar sheirbhísí sláinte.

**2 × 6 mharc = 12 mharc**

## C3 Córais Gheilleagracha, Forbairt Gheilleagrach agus Fás Geilleagrach

(a) Tá geilleagar na Síne ag athrú ó chóras geilleagrach lárphleanáilte i dtreo córas geilleagrach measctha.

(i) Mínigh **gach ceann** de na téarmaí a bhfuil líne fúthu.
(ii) Luaigh sampla **amháin eile** de chóras geilleagrach lárphleanáilte agus sampla **amháin eile** de chóras geilleagrach measctha.
(iii) Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste eacnamaíochta **amháin** do shaoránaigh na Síne a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an athrú seo i dtreo córas geilleagrach measctha.

**(20 marc)**

(i) Mínigh **gach ceann** de na téarmaí a bhfuil líne fúthu.

| Córas geilleagrach lárphleanáilte | Córas geilleagrach measctha |
|---|---|
| • Dáileann an stát acmhainní trí mheicníocht lárphleanála.<br>• Tá na tosca táirgeachta go léir faoi úinéireacht an stáit thar ceann na ndaoine, cé is moite den lucht saothair | • Geilleagar a chuimsíonn gnéithe den lárphleanáil (páirtíocht rialtais/an earnáil phoiblí) agus den fhiontraíocht phríobháideach (an earnáil phríobháideach) ina chóras geilleagrach. |

**2 mhíniú: 4 mharc an ceann = 8 marc**

(ii) Córas geilleagrach lárphleanáilte: **an Chóiré Thuaidh; Cúba**
Córas geilleagrach measctha: **Éire.**

**2 shampla: 4 mharc an ceann**

(iii) Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste eacnamaíochta **amháin** do shaoránaigh na Síne a d'fhéadfadh **a** bheith ag baint leis an athrú seo i dtreo córas geilleagrach measctha.

**Breis roghanna ag an duine aonair / cur isteach ag an rialtas laghdaithe**
Beidh rogha níos leithne earraí / seirbhísí ag tomhaltóirí mar go bhfuil fiontraíocht phríobháideach páirteach ann.

**Praghsanna níos iomaíche / éifeachtúlacht níos fearr**
D'fhéadfadh praghsanna níos saoire a bheith á dtairiscint do thomhaltóirí nuair atá tuilleadh iomaíochta ann. De ghnáth, bíonn gnólachtaí príobháideacha níos éifeachtúla mar go mbrúnn spreagthacht an bhrabúis chun cinn iad.

**Is féidir le daoine aonair a ngnólachtaí féin a bhunú**
Murab ionann is geilleagar lárphleanáilte, d'fhéadfadh daoine aonair leas a bhaint as fiontraíocht phríobháideach agus sochar a bhaint as anois.

**Dreasacht/spreagthacht níos mó chun oibre**
Ós rud é go bhféadfaí tuilleadh sochar (pá / brabús) a ghnóthú, d'fhéadfadh oibrithe oibriú níos dícheallaí agus táirgiúlacht agus aschur a mhéadú dá bharr.

**Caighdeán maireachtála níos airde**
Más thuilleann oibrithe pá níos airde / má thuilleann daoine aonair brabús ó ghnólachtaí agus má bhíonn rogha níos leithne earraí / seirbhísí ar phraghsanna níos ísle ag tomhaltóirí, seans go n-ardóidh caighdeáin mhaireachtála.

**4 mharc**

**(b)** Bíonn deacrachtaí ag roinnt Tíortha Tearcfhorbartha agus iad ag iarraidh fás geilleagrach a bhaint amach.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dheacracht eacnamaíochta **eile** a d'fhéadfadh a bheith ag tíortha tearcfhorbartha.

(iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bheart a d'fhéadfadh **saoránaigh na hÉireann** a dhéanamh d'fhonn cuidiú le caighdeán maireachtála na saoránach sna Tíortha Tearcfhorbartha a fheabhsú. **(25 marc)**

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

**Fás geilleagrach**: méadú ar an ráta fáis faoin OTN / faoin OTI / faoin ioncam náisiúnta / faoin aschur

**5 mharc**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dheacracht eacnamaíochta **eile** a d'fhéadfadh a bheith ag tíortha tearcfhorbartha.

**Rátaí arda fáis faoin daonra i dTíortha Tearcfhorbartha**

**Gorta i dTíortha Tearcfhorbartha / ionchas saoil íseal**

**A bheith ag brath an iomarca ar aon bharr amháin i dTíortha Tearcfhorbartha**

**Drochbhonneagar i dTíortha Tearcfhorbartha**

**Ioncam níos ísle in aghaidh an duine i dTíortha Tearcfhorbartha**

**Leibhéil ísle oideachais / litearthachta i dTíortha Tearcfhorbartha**

**Dúshaothrú ag cuideachtaí ilnáisiúnta, ag daoine aonair sa tír féin agus ag tíortha eachtracha**

**Éilliú polaitíochta / institiúidí polaitíochta níos éagobhsaí**

**2 phointe: 5 mharc an ceann= 10 marc**

(iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bheart a d'fhéadfadh **saoránaigh na hÉireann** a dhéanamh d'fhonn cuidiú le caighdeán maireachtála na saoránach sna Tíortha Tearcfhorbartha a fheabhsú.

**Earraí a tháirgtear i dtíortha tearcfhorbartha a cheannach / táirgí Cóirthrádála a cheannach**
D'fhéadfadh níos mó airgid teacht isteach i dtíortha tearcfhorbartha mar thoradh air seo.
Is féidir le saoránaigh cabhrú trí tháirgí 'cóirthrádála' a cheannach, rud a d'fhéadfadh praghsanna níos airde a chinntiú do na táirgeoirí agus, dá réir sin, caighdeán maireachtála níos fearr do shaoránaigh i dTíortha Tearcfhorbartha.

**Feachtais: ar son laghdú fiachais / beartais rialtais a athrú / beartais chorparáidí ilnáisiúnta a athrú**
Trí dhul i mbun feachtais, is féidir le saoránaigh béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le laghdú fiachais i dTíortha Tearcfhorbartha agus tuairimí an phobail / beartas rialtais a athrú dá bharr.
Is féidir leo brú a chur ar rialtais sa domhan forbartha a mbeartais trádála a athrú agus a chinntiú go gcaitear le Tíortha Tearcfhorbartha ar bhealach níos cothroime.
Is féidir le saoránaigh bhearta éagsúla (e.g. táirgí a bhaghcatáil) a dhéanamh chun a chinntiú nach ndéanann corparáidí ilnáisiúnta dúshaothrú ar mhuintir na dTíortha Tearcfhorbartha ná ar a gcuid acmhainní.

**Obair Dheonach a dhéanamh i dTír Thearcfhorbartha**
D'fhéadfadh saoránaigh dul ag obair i dTír Thearcfhorbartha agus seirbhís riachtanach a chur ar fáil e.g. múineadh, tógáil nó cúram sláinte a chur ar fáil, etc.

**Tabhartais / Cabhair airgeadais**
D'fhéadfadh saoránaigh bia, éadaí, beostoc, etc. a thabhairt chun cabhrú le saoránaigh i dTíortha Tearcfhorbartha.

**2 phointe: 5 mharc an ceann = 10 marks**

**(c)** Tá cúlú eacnamaíochta in Éirinn le blianta beaga anuas agus is beag fás geilleagrach a bhí ann le tamall.

(i) Cén t-ainm a thugtar ar an tomhas oifigiúil ar mhéid an gheilleagair?

(ii) Tabhair breac-chuntas ar shochar **amháin** atá le baint ag **gach ceann** díobh seo a leanas as fás geilleagrach i ngeilleagar na hÉireann:

Saoránaigh na hÉireann / Miondíoltóirí / Airgeadas an Rialtais. **(30 marc)**

(i) Cén t-ainm a thugtar ar an tomhas oifigiúil ar mhéid an gheilleagair?

**Olltáirgeacht Náisiúnta / OTN**
**Olltáirgeacht Intíre / OTI**

**9 marc**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar shochar **amháin** atá le baint ag **gach ceann** díobh seo a leanas as fás geilleagrach i ngeilleagar na hÉireann:

Saoránaigh na hÉireann / Miondíoltóirí / Airgeadas an Rialtais.

| | Ráiteas | Míniúchán |
|---|---|---|
| **Saoránaigh na hÉireann** | **Deiseanna Fostaíochta**<br><br>**Caighdeán maireachtála níos fearr**<br>**Seirbhísí stáit feabhsaithe**<br><br>**Gá níos lú le dul ar eisimirce** | • Má mhéadaíonn díolacháin, beidh níos mó oibrithe ag teastáil / seans go mbeidh na poist atá ann cheana ina bpoist níos daingne<br>• Beidh ioncam indiúscartha níos airde ag saoránaigh.<br>• Má fheabhsaíonn ioncam stáit, féadfaidh an rialtas seirbhísí stáit a fheabhsú / bonneagar stáit a fhorbairt.<br>• Má chruthaítear tuilleadh post, seans go mbeidh ar líon níos lú saoránach dul ar eisimirce. |
| **Miondíoltóirí** | **Brabús Méadaithe**<br><br>**Fairsingiú /**<br>**baol níos lú i leith a ndúnta** | • Méadaíonn díolacháin agus méadóidh brabús freisin.<br><br>• Cuideoidh breis díolacháin le gnólachtaí leanúint i mbun táirgeachta / fairsingithe |
| **Airgeadais rialtais** | **Ioncam cánach**<br><br>**Caiteachas ar leas sóisialach laghdaithe**<br><br>**Iasachtaíocht laghdaithe** | • Tiocfaidh breis ioncam cánach as fostaíocht mhéadaithe. Tiocfaidh méadú ar an gCáin Bhrabúis Chorparáide má ardaíonn brabús. Ba chóir go méadódh CBL / Dleachtanna Máil.<br>• Ba chóir go dtiocfadh laghdú ar leas sóisialach má mhéadaíonn an fhostaíocht.<br>• D'fhéadfadh go dtitfeadh leibhéal na hiasachtaíochta stáit / go gcomhlíonfadh an Rialtas spriocanna buiséid mar thoradh ar an bhfeabhsú ar airgeadas an stáit. |

**3 phointe: 7 marc an ceann = 21 marc**

## C4 Cánachas, Déine agus Cáinaisnéis 2014

**(a)** I gCáinaisnéis 2014 rinne an tAire Airgeadais cinneadh an ráta laghdaithe 9% CBL in earnáil na turasóireachta a choinneáil agus deireadh leis an Cáin €3 ar Thaisteal in Aerfoirt.

(i) Mínigh an téarma 'Cáin Bhreisluacha'.
(ii) An cánacha díreacha nó cánacha indíreacha iad na cánacha a bhfuil líne fúthu thuas. Mínigh do fhreagraí.
(iii) Déan plé ar **dhá** chúis eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith le cinneadh an Aire Airgeadais ar an mbeart sin.

**(30 marc)**

(i) Mínigh an téarma 'Cáin Bhreisluacha'.

- Is cáin ar earraí agus ar sheirbhísí í seo.
- Is cáin ar chaiteachas í seo.

**6 mharc**

(ii) An cánacha díreacha nó cánacha indíreacha iad na cánacha a bhfuil líne fúthu thuas. Mínigh do fhreagraí.

| | CBL | Cáin ar Thaisteal in Aerfoirt |
|---|---|---|
| Cineál cánach | Indíreach | Indíreach |
| Míniúchán | Is cáin ar earraí agus ar sheirbhísí í. | Cáin í ar an tseirbhís seo a úsáid |

**2 mhíniúchán: 6 mharc an ceann = 12 mharc**

(iii) Déan plé ar **dhá** chúis eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith le cinneadh an Aire Airgeadais ar an mbeart sin.

**Turasóireacht a spreagadh**
Trí phraghsanna a dhéanamh níos saoire, d'fhéadfadh go dtarraingeofaí tuilleadh turasóirí go hÉirinn.

**Poist a chosaint / a chruthú**
Déanfar poist a chosaint / a chruthú. Má mhéadaíonn aerlínte líon na bpaisinéirí, seans go méadófar fostaíocht. Mheas an tAire Stáit le Turasóireacht agus Spórt gur cruthaíodh 14,500 post sa bhreis in 2013 mar thoradh ar na bearta sin (RTÉ, Bealtaine 2014).

**Caiteachas/ fás geilleagrach a spreagadh**
Má éiríonn praghsanna i mbialanna / in óstáin, etc. níos iomaíche, seans go spreagfar daoine a chónaíonn in Éirinn ioncam a chaitheamh, rud a chuirfeadh borradh faoin ngeilleagar intíre. Má mhéadaíonn líon na dturasóirí, ardóidh caiteachas. Méadófar éileamh agus beidh an OTI níos airde dá bharr.

**Ioncam cánach a mhéadú**
Má mhéadaíonn caiteachas, méadóidh an méid CBL a bhaileofar.
Má thagann méadú ar an bhfostaíocht, tiocfaidh méadú ar ioncam ó cháin ioncaim.
Má thagann fás ar ghnólachtaí, méadóidh Cáin Bhrabúis Chorparáide.

**2 chúis: 6 mharc an ceann = 12 mharc**

**(b)** Is cáinaisnéis 'déine' í Cáinaisnéis 2014. **NÓTA:** Is é atá i gceist le 'déine' ná na bearta a rinne an rialtas chun easnaimh ar bhuiséad an rialtais a laghdú.

(i) Luaigh **dhá** shampla de bhearta déine a thug rialtas na hÉireann isteach le blianta beaga anuas.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a bhféadfadh bearta déine dul i bhfeidhm ar shaoránaigh na hÉireann ó thaobh na heacnamaíochta de. **(21 marc)**

(i) Luaigh **dhá** shampla de bhearta déine a thug rialtas na hÉireann isteach le blianta beaga anuas.

- Laghdú ar phá san earnáil phoiblí.
- Cáin réadmhaoine áitiúil (CRMÁ) a thabhairt isteach.
- Laghdú ar shochar linbh.
- Teidlíochtaí faoi chosaint shóisialta laghdaithe.
- Méadú ar mhuirir chlárúcháin d'oidis.
- Méadú ar an muirear clárúcháin don oideachas tríú leibhéal etc.

**An 1ú sampla: 5 mharc / An 2ú sampla: 4 m(h)arc.**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a bhféadfadh bearta déine dul i bhfeidhm ar shaoránaigh na hÉireann ó thaobh na heacnamaíochta de.

**Méadú ar an dífhostaíocht / ar an eisimirce**
Bíonn dífhostaíocht ann mar thoradh ar líon níos mó gnólachtaí a bheith ag dúnadh mar thoradh ar níos lú ioncam indiúscartha a bheith ar fáil mar gheall ar sheirbhísí stáit a bheith laghdaithe. B'éigean do roinnt daoine dul ar eisimirce tar éis dóibh a bpost a chailleadh anseo.

**Caillteanas muinín ghnó / easpa infheistíochta**
Le déine níos mó agus le hioncam indiúscartha níos lú ar fáil, chuaigh fiontraithe sa tóir ar dheiseanna infheistíochta thar lear mar nach raibh muinín acu as geilleagar na hÉireann.

**Laghdú ar éileamh comhiomlán / ar chaiteachas / easpa fáis gheilleagraigh**
Mar thoradh díreach ar chiorruithe rialtais ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh, etc., tá níos lú ioncam indiúscartha ar fáil lena chaitheamh, dá bhrí sin laghdaíonn an t-éileamh comhiomlán as a n-eascraíonn laghdú ar an bhfás geilleagrach.

**Laghdú ar chaighdeáin mhaireachtála**
Mar gheall ar na bearta déine atá tugtha isteach ag an rialtas, tháinig méadú ar chánacha faoi choim (cúlchéimnitheacha) agus ar chineálacha nua cánachais amhail an cháin réadmhaoine áitiúil etc. Tá laghdú tagtha ar na caighdeáin mhaireachtála mar gheall ar na nithe sin. Téann roinnt saoránach i muinín an gheilleagair dhuibh.

**Fiacha méadaithe**
Laistigh den gheilleagar féin, d'fhéadfadh fiachas méadaithe a bheith ina thoradh ar an méadú ar na cánacha faoi choim. Tá na leibhéil arda fiachais phearsanta ag dul i gcion ar bhealach diúltach anois ar bhainc, ar chomhair chreidmheasa, etc.

**Cailleadh roinnt seirbhísí stáit**
Chuir cailleadh na gcártaí liachta agus cailleadh cúntóirí riachtanais speisialta isteach ar roinnt saoránach. Chaill daoine faoi mhíchumas cúntóirí pearsanta. Téann na bearta sin i bhfeidhm ar a gcaighdeán maireachtála.

**2 shlí: 6 mharc an ceann = 12 mharc**

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar argóint eacnamaíochta **amháin i bhfabhar AON DÁ CHEANN** de na bearta rialtais seo a leanas a fógraíodh i gCáinaisnéis 2014, agus argóint eacnamaíochta **amháin ina gcoinne**:

- Liúntas cuardaitheora poist (i.e. íocaíocht an dóil) do dhaoine dífhostaithe faoi bhun 25 bliana d'aois a laghdú go dtí €100;
- Cáin Choinneála ar Ús Taisce (DIRT) a mhéadú ó 33% go 41%;
- An dleacht mháil ar thobac a ardú (e.g. ardú 10c ar phaicéad 20 toitín).

**(24 marc)**

- Liúntas Cuardaitheora Poist (i.e. íocaíocht an dóil) do dhaoine dífhostaithe faoi bhun 25 bliana d'aois a laghdú go dtí €100;

| Argóint eacnamaíochta **ina fhabhar** | Argóint eacnamaíochta **ina choinne** |
|---|---|
| **Laghdú ar chaiteachas / ar iasachtaíocht**<br>Caithfidh an rialtas níos lú airgid agus beidh níos lú iasachtaíochta ag teastáil uaidh chun caiteachas a mhaoiniú mar sin. | **Éagothromasach**<br>Gearrann an íocaíocht níos ísle pionós ar na daoine sin nach bhfuil ábalta obair/oiliúint oiriúnach a fháil. |
| **Deischostas**<br>Is féidir an t-airgead a shábháiltear a úsáid chun tionscnaimh ógfhostaíochta a mhaoiniú: tionscnaimh oibre, oideachais agus oiliúna. | **Eisimirce**<br>D'fhéadfadh daoine óga bheith den tuairim nach bhfuil an dara rogha acu ach dul ar eisimirce ó Éirinn. |
| **Dreasacht chun oideachais / oiliúna**<br>D'fhéadfadh an íocaíocht laghdaithe a bheith ina spreagadh chun filleadh ar an oideachas. | **Ualach ar theaghlaigh**<br>D'fhéadfadh go mbeadh ar theaghlaigh cúnamh a thabhairt do bhaill den teaghlach agus cuireann sé sin brú breise ar airgead teaghlaigh.<br>D'fhéadfadh go mbeadh orthu cabhair a iarraidh ó eagraíocht dheonach. |

- Cáin Choinneála ar Ús Taisce (DIRT) a mhéadú ó 33% go 41%.

| Argóint eacnamaíochta **ina fhabhar** | Argóint eacnamaíochta **ina choinne** |
|---|---|
| **Ioncam Rialtais**<br>D'fhéadfadh go n-ardódh an méadú sin ioncam cánach an stáit. | **Coigilteas a dhíspreagadh**<br>D'fhéadfadh an cháin mhéadaithe daoine a dhíspreagadh ó bheith ag coigilt, rud a bheadh ina chúis le tuilleadh fiachais. |
| **Is lú an gá le cánacha díreacha a ardú / ní haon dídhreasacht chun oibre é**<br>Leis an ioncam a thuilltear sin tá seans ann gur lú an gá a bheidh ag an rialtas le cánachas díreach a mhéadú. Ós rud é nach n-ardaítear cánacha ioncaim ní haon dídhreasú chun oibre í an cháin sin. | **Fáil laghdaithe ar iasachtaí**<br>D'fhéadfadh na hinstitiúidí airgeadais sin a bhfuil laghdú ar choigilteas iontu líon na n-iasachtaí a chruthaítear a laghdú. |
| **Eacnamaíoch**<br>Ba cheart go mbeadh an costas bailithe don stát íseal mar go mbaileoidh gach institiúid airgeadais an cháin. | |
| **Forchéimnitheach**<br>Ní íocfaidh an cháin níos airde seo ach na daoine ar féidir leo coigilt agus, mar sin de, d'fheadfaí a mheas go bhfuil sí forchéimnitheach. | |
| **Caiteachas a spreagadh**<br>D'fhéadfadh daoine níos lú airgid a choigilt agus níos mó airgid a chaitheamh. Mhéadófaí caiteachas intíre, chabhrófaí le fás geilleagrach agus chuideofaí le fás fostaíochta dá bharr. | |

- An dleacht mháil ar thobac a ardú (e.g. ardú 10c ar phaicéad 20 toitín)

| Argóint eacnamaíochta **ina fhabhar** | Argóint eacnamaíochta **ina choinne** |
|---|---|
| **Ioncam Rialtais**<br>Cabhróidh an méadú seo le hioncam cánach an stáit a ardú. | **Caighdeán maireachtála**<br>Titfidh ioncam indiúscartha na gcaiteoirí tobac agus tiocfaidh laghdú ar a gcaighdeán maireachtála dá bharr. |
| **Tomhaltas a laghdú / sláinte phearsanta**<br>D'fhéadfadh go dtitfeadh tomhaltas na dtáirgí tobac agus go dtiocfadh feabhas ar shláinte na dtomhaltóirí sin. D'fhéadfadh sé daoine óga a dhíspreagadh ó thobac a chaitheamh. | **Boilsciú**<br>Ardaíonn praghsanna na dtáirgí tobac agus cuirtear san áireamh é sin san Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí. |
| **Costais an chúraim shláinte laghdaithe**<br>Ós rud é go bhféadfadh go mbeadh tinneas ar níos lú daoine, laghdófar costais an chúraim shláinte sa tsochaí. | **D'fhéadfadh go dtiocfadh méadú ar an smuigléireacht/ar an ngeilleagar dubh**<br>De réir mar a éiríonn toitíní níos costasaí, d'fhéadfadh tomhaltóirí athrú go toitíní smuigleáilte. |
| **Deischostas**<br>Is féidir leis an rialtas úsáid eile a bhaint as an airgead nach bhfuil á chaitheamh ar an gcúram sláinte. | **Ioncam cánach**<br>Más rud é go laghdaíonn tomhaltas agus/nó go méadaíonn smuigléireacht, seans go dtitfidh an t-ioncam cánach a mbailíonn an rialtas. |

**Dhá bheart: 1ú freagra ceart: 8 marc / 2ú freagra ceart: 4 mharc**

## C5 Costais, Fiontraíocht agus Suíomh gnólachta

**(a)** Tá a lán dúshlán roimh ghnólachtaí na hÉireann agus iad ag iarraidh a gcostais a rialú.

(i) Sainmhínigh costas seasta **agus** costas athraitheach agus luaigh sampla **amháin** de gach ceann acu.
(i) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach do ghnólacht a chuid costas a rialú.

**(25 marc)**

(i) Sainmhínigh costas seasta **agus** costas athraitheach agus luaigh sampla **amháin** de gach ceann acu.

| Costais Sheasta | **Marcanna** | Costais Athraitheacha | **Marcanna** |
|---|---|---|---|
| Costais nach n-athraíonn de réir mar a athraíonn aschur | **5 mharc** | Costais a athraíonn de réir mar a athraíonn aschur | **4 mharc** |
| Sampla amháin ceart: | **2 mharc** | Sampla amháin ceart: | **2 mharc** |

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach do ghnólacht a chuid costas a rialú.

**Praghsanna níos ísle / éileamh méadaithe / méadú ar bhrabús**
D'fhéadfadh gnólacht a bheith ábalta a phraghsanna a ísliú agus d'fhéadfadh sé sin tomhaltóirí a mhealladh le níos mó earraí/seirbhísí a cheannach. Beidh díolacháin mhéadaithe agus brabús méadaithe ann chomh maith le todhchaí níos cinnte de thoradh ar éileamh méadaithe.

**Méadú ar an bhfostaíocht**
Mar thoradh ar mhéadú ar éileamh, d'fhéadfadh gnólachtaí a n-éileamh ar shaothar a mhéadú / an lucht saothar atá acu a choinneáil.

**Méadú ar iomaíochas**
D'fhéadfadh praghsanna na n-earraí sin titim de bharr costais níos ísle. D'fhéadfadh gnólachtaí a easpórtálann a gcuid earraí a fháil amach go méadóidh an t-éileamh ar a n-easpórtálacha mar go bhfuil siad níos iomaíche.

**Úsáid níos fearr as acmhainní atá gann / laghdú ar chur amú**
Beidh gach gnólacht ag iarraidh costais a rialú le nach bhfuil acmhainní atá gann á gcur amú acu.

**Marthanas an ghnólachta**
Ní mór don ghnólacht go leor airgid a bheith aige lena bhillí a íoc de réir mar a bhíónn siad dlite. Más mó costais ná ioncam, cuirfear an gnólacht as gnó san fhadtréimhse. Ní mór don ghnólacht brabús a thuilleamh chun fanacht i mbun gnó.

**1ú freagra ceart: 8 marc / 2ú freagra ceart: 4 mharc**

**(b)** Bronnadh an gradam Fiontraí na Bliana ar Patrick Joy in 2013. Ba é siúd a bhunaigh Suretank, gnólacht atá lonnaithe i gCo. Lú agus a dhéanann aonaid a úsáidtear chun lastas a iompar le haghaidh thionscal na hola agus an gháis amach ón gcósta.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhfuil fiontraithe riachtanach do gheilleagar na hÉireann.

(iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghníomh a d'fhéadfadh an rialtas a dhéanamh chun fiontraíocht in Éirinn a spreagadh. **(25 marc)**

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

- Téann fiontraí sa **seans** le gnólacht a bhunú.
- Déanann fiontraí **na tosca táirgeachta eile a chomhcheangal** isteach in aonad táirgeachta.

**5 mharc**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhfuil fiontraithe riachtanach do gheilleagar na hÉireann.

**Cabhrú le poist/fostaíocht a chruthú**
Má bhíonn rath ar an bhfiontraí, cabhróidh sé sin le fostaíocht a chruthú.

**Comhardú na nÍocaíochtaí a fheabhsú**
Má dhéantar na hearraí a tháirgtear a easpórtáil, cuideoidh sé sin le staid Chomhardú na nÍocaíochtaí a fheabhsú.

**Infheistíocht bhreise a spreagadh / cabhrú le saibhreas a chruthú**
Cuireann fiontraithe a gcuid airgid mar aon lena gcuid scileanna i ngnólacht le súil go ndéanfaidh brabús agus d'fhéadfadh sé go spreagfaí infheistíocht bhreise sa gheilleagar dá mbeadh rath air.

**Nuálaíocht: táirgí nua**
D'fhéadfadh fiontraithe rathúla cuid dá mbrabús a infheistiú i bhforbairt táirgí nua a rachadh chun sochair don tsochaí.

**1ú freagra ceart: 6 mharc / 2ú freagra ceart: 4 mharc**

(iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghníomh a d'fhéadfadh an rialtas a dhéanamh chun fiontraíocht in Éirinn a spreagadh.

**Oideachas fiontraíochta a spreagadh**
Dá gcuirfí béim níos mó ar oideachas fiontraíochta sna scoileanna agus sna coláistí d'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó daoine toilteanach dul sa seans le fiontraíocht.

**Beartais rialtais**
Dá laghdófaí rátaí CBL d'fhéadfadh sé go méadófaí an t-éileamh ar earraí agus go gcruthófaí deiseanna infheistíochta níos fearr.
Dá laghdódh an rialtas na rialacháin a bhaineann le gnólacht a chur ar bun, d'fhéadfadh sé go mbeadh suim ag níos mó daoine ina bheith ina bhfiontraithe.
Dá dtairgfeadh an rialtas deontais agus dreasachtaí eile chun gnólacht a bhunú tharlódh go ndéanfadh níos mó daoine é sin / go gcruthófaí timpeallacht fhabhrach gnó.

**Scileanna an mhargaidh shaothair**
Dá bhfeabhsódh an rialtas scileanna oibrithe trí breis oiliúna / oideachas a chur ar fáil, d'fhéadfadh go spreagfadh an lucht saothair níos oilte sin an fhiontraíocht.

**Bonneagar na tíre a fhorbairt**
Dá n-infheisteofaí i dteicneolaíocht chumarsáide trí leathanbhanda a sholáthar, d'fhéadfadh sé bheith níos fusa do dhaoine gnólacht a thosú.

**Cobhsaíocht san earnáil bhaincéireachta**
Dá ndéanfaí na bainc níos cobhsaí, d'fhéadfadh sé go dtabharfadh an rialtas deis do na bainc creidmheas a sholáthar agus daoine a spreagadh chun iasacht a fháil agus gnó a bhunú.

**1ú freagra ceart: 6 mharc / 2ú freagra ceart: 4 mharc**

**(c)** Bíonn tosca táirgeachta ag teastáil ó ghnólachtaí chun aschur a tháirgeadh nó chun seirbhís a sholáthar.

(i) Luaigh agus mínigh na **trí** thoisc táirgeachta, seachas fiontraíocht.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thoisc eacnamaíochta ba chóir d'fhiontraí a chur san áireamh agus é/í ag roghnú suíomh oiriúnach dá g(h)nólacht in Éirinn.

**(25 marc)**

(i) Luaigh agus mínigh na **trí** thoisc táirgeachta, seachas fiontraíocht.

| *Toisc* | *Sainmhíniú* |
|---|---|
| **Talamh** | Rud ar bith a soláthraíonn an dúlra agus a chabhraíonn i dtáirgeadh aschuir. |
| **Saothar** | Iarracht an duine i dtáirgeadh aschuir. |
| **Caipiteal** | Saibhreas / innealra de dhéantús an duine a úsáidtear i dtáirgeadh aschuir. |

**3 Luaigh agus mínigh: 5 mharc an ceann = 15 mharc**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thoisc eacnamaíochta ba chóir d'fhiontraí a chur san áireamh agus é/í ag roghnú suíomh oiriúnach dá g(h)nólacht in Éirinn.

**Fáil ar sheirbhísí**
D'fhéadfadh sé go mbeadh bonneagar éifeachtúil iompair ag teastáil ó ghnólachtaí chun a gcuid earraí a chur chun an mhargaidh, chun amhábhair a fhoinsiú, etc. Chomh maith leis sin, teastóidh seirbhísí leictreachais, baincéireachta agus leathanbhanda, agus fosheirbhísí eile.

**Talamh chun leathnú a dhéanamh / costas talún / réadmhaoin tráchtála a ghlacadh ar cíos**
Má bhíonn sé i gceist ag gnólacht leathnú, beidh talamh ag teastáil uaidh ar phraghas réasúnta chun leathnú a dhéanamh. Tá laghdú tagtha ar an gcíos ar réadmhaoin tráchtála mar thoradh ar an gcúlú.

**Rialacháin: rialacháin chomhshaoil / phleanála**
D'fhéadfadh tionscal áirithe a bheith faoi réir rialacháin áirithe chomhshaoil agus ní mór iad sin a sheiceáil leis an údarás cuí. Caithfidh gnólachtaí a chinntiú go mbeidh an cead pleanála cuí ar fáil ón údarás áitiúil.

**Fáil ar lucht saothair**
Beidh gá ag an ngnólacht le lucht saothair oilte / a bhfuil Béarla ar a thoil acu agus scileanna éagsúla teanga agus scileanna TF sa chaoi laghdaítear costais oiliúna.

**Dreasachtaí rialtais**
D'fhéadfadh sé go mbeadh dreasachtaí cánach / deontais ar fáil dá mbeadh an gnólacht lonnaithe in áiteanna áirithe sa tír. Réamh-mhonarchana a bheith ar fáil.

**Bheith gar don mhargadh / do na hamhábhair**
Caithfidh gnólacht a bhíonn ag brath ar sruth seasta tomhaltóirí lonnú gar don mhargadh, i.e. búitíc. Caithfidh gnólacht a éilíonn cuid mhór amhábhar lonnú gar don áit ina gcuirtear ar fáil iad, e.g. stáisiún ginte cumhachta.

**Bonneagar Sóisialta**
Cuirfidh gnólachtaí san áireamh scoileanna, ospidéil, páirceanna, etc. a bheith ar fáil ionas gur féidir lena lucht saothair stíl mhaith mhaireachtála a bheith acu.

**1ú freagra ceart: 6 mharc / 2ú freagra ceart: 4 mharc**

## C6 Téarmaí Eacnamaíochta, Ráta Úis agus Institiúidí Airgeadais

**(a)** Mínigh na téarmaí seo a leanas: (i) Babhtáil; (ii) Airgead; (iii) Boilsciú praghsanna. **(21 marc)**

| **Téarma** | **Míniúchán** |
|---|---|
| Babhtáil | Earra amháin a mhalartú ar earra eile. |
| Airgead | Aon rud ar féidir glacadh leis mar íocaíocht as fiach / as earra a cheannach |
| Boilsciú Praghsanna | Méadú ar phraghsanna earraí / seirbhísí (thar thréimhse ama). |

**3 fhreagra ceart: 7 marc an ceann.**

**(b)** Laghdaigh BCE (ECB *i mBéarla*) rátaí úis i mí na Samhna 2013.

(i) Cad dó a seasann na túslitreacha **BCE**?
(ii) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(iii) Déan plé ar **thrí** iarmhairt eacnamaíochta a d'fheadfadh a bheith ag laghdú ar rátaí úis ar gheilleagar na hÉireann.
**(30 marc)**

(i) Cad dó a seasann na túslitreacha **BCE**?

**An Banc Ceannais Eorpach** **9 marc**

(ii) Mínigh an téarma 'ráta úis'

Ráta úis: **praghas an airgid / costas na hiasachtaíochta / an toradh ar choigilteas: 6 mharc**

(iii) Déan plé ar **thrí** iarmhairt eacnamaíochta a d'fheadfadh a bheith ag laghdú ar rátaí úis ar gheilleagar na hÉireann.

**Spreagtar iasachtaíocht / laghdú ar aisíocaíochtaí morgáiste**
Is saoire an iasachtaíocht agus tá aisíocaíochtaí iasachta níos saoire ina dtoradh air seo. Méadóidh sé sin an chumhacht chaiteachais. Laghdaíonn costas na n-aisíocaíochtaí míosúla (ar mhorgáistí rianúcháin) agus, uaidh sin, bíonn ioncam indiúscartha níos mó ar fáil.

**Díspreagtar coigilteas / spreagtar caiteachas**
Mar gheall ar ráta toraidh níos ísle, d'fhéadfadh sé gan a bheith chomh tarraingteach do dhaoine a gcuid airgid a choigilt agus d'fhéadfadh siad a gcuid caiteachas a mhéadú dá bharr.

**Costas ar Fhónamh ar an bhFiachas Náisiúnta**
De bharr rátaí úis intíre níos ísle, tagann laghdú ar an gcostas a bhaineann le haisíoc na coda inmheánaí den fhiachas náisiúnta.

**Costas Táirgeachta / iomaíochas méadaithe**
Laghdófar na costais táirgeachta agus d'fhéadfadh go mbeadh praghsanna intíre níos ísle dá bharr. Méadóidh sé seo cumas iomaíochta easpórtálacha na ngnólachtaí Éireannacha agus d'fhéadfadh méadú teacht ar na díolacháin mar thoradh air sin.

**Spreagtar Fás Geilleagrach**
Méadaíonn an dreasacht chun infheistíochta, rud is cúis le fás geilleagrach/fostaíocht sa todhchaí agus le méadú ar ghníomhaíocht gheilleagrach.

**Ioncam cánach**
Gheofar níos lú DIRT mar thoradh ar laghdú ar choigilteas. Méadú ar CBL/ar dhleachtanna máil mar thoradh ar chaiteachas méadaithe.
Beidh méadú ar an ioncam ó cháin ioncaim, etc. má thagann laghdú ar an dífhostaíocht.

**3 phointe: 5 mharc an ceann = 15 mharc**

(c) Dhún roinnt banc a ngnóthaí in Éirinn le blianta beaga anuas agus tá deacrachtaí airgeadais ag cuid de nacomhair chreidmheasa.

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fheidhm atá ag na bainc thráchtála/mhiondíola.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** iarmhairt eacnamaíochta atá ag an laghdú ar líon na mbanc ar gheilleagar na hÉireann.

(iii) Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a bhfuil deacrachtaí airgeadais ag cuid de na comhair chreidmheasa. **(24 marc)**

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fheidhm atá ag na bainc thráchtála/mhiondíola.

**Saoráidí Coigiltis**
Tairgeann bainc thráchtála urrús do chistí taisceoirí agus íocann siad ús ar a gcoigilteas.

**Iasachtú**
Cuireann bainc thráchtála raon iasachtaí, rótharraingtí agus morgáistí ar fáil.

**Córas seiceanna/cuntais reatha a oibriú**
Cuireann siad ar chumas an lucht gnó agus an phobail i gcoitinne íocaíochtaí a dhéanamh le seic / cuireann siad córas éifeachtúil imréitigh le haghaidh seiceanna ar fáil.

**Baincéireacht 24 Uair / Ríomhaistriú Airgid / Uathíocaíocht Billí**
Soláthraíonn bainc UMBanna, baincéireacht ar an teileafón, baincéireacht ar an Idirlíon agus raon leathan de shaoráidí ríomhaistrithe uathoibríocha cistí, amhail orduithe seasta, dochar díreach, aistrithe creidmheasa agus pá-chonair.

**Airgeadra Eachtrach**
Tá raon saoráidí ag bainc thráchtála a chuireann ar chumas trádálaithe idirnáisiúnta agus an phobail íocaíocht in airgeadraí eachtracha a dhéanamh nó a fháil, e.g. Eurocheque, airgeadra eachtrach, etc.

**1ú freagra ceart: 6 mharc / 2ú freagra ceart: 4 mharc**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** iarmhairt eacnamaíochta atá ag an laghdú ar líon na mbanc ar gheilleagar na hÉireann.

**Míchaoithiúlacht / caillteanas seirbhíse do chustaiméirí**
D’fhéadfadh go mbeadh ar an gcustaiméir socruithe eile a dhéanamh dá seirbhís bhaincéireachta.
D’fhéadfadh sé sin a c(h)ostais bhaincéireachta a mhéadú. Beidh sé níos deacra airgead a thaisceadh / gnó a dhéanamh mar go mbeidh ar chustaiméirí socruithe eile baincéireachta a dhéanamh.

**Caillteanas post / athlonnú fostaithe**
D’fhéadfadh roinnt fostaithe a bpost a chailleadh de bharr dhúnadh an bhrainse agus roinnt de na seachthionscail seirbhíse sna bailte. D’fhéadfaí poist a thairiscint do roinnt fostaithe in ionad nua, ach mhéadófaí an costas/mhíchaoithiúlacht a bhaineann le dul ag obair.

**Laghdú ar ghníomhaíocht gheilleagrach i gceantair thuaithe**
D’fhéadfadh go ndéanfadh níos lú daoine siopadóireacht / gnó sa cheantar áitiúil inar dúnadh an banc agus d’fhéadfadh sé sin gníomhaíocht gheilleagrach a laghdú sa bhaile.

**Brú ar Oifig an Phoist méadaithe**
Agus brainse bainc dúnta, d’fhéadfadh go mbeadh méadú ar an éileamh ar sheirbhísí in oifigí áitiúla an phoist, rud a chuirfeadh brú ar sheirbhísí Oifig an Phoist.

**Brabús laghdaithe / laghdú ar an scairphraghas**
Má chailleann an banc custaiméirí, d’fhéadfadh sé sin an brabús a laghdú, agus bheadh díbhinní níos lú á n-íoc leis na scairshealbhóirí mar thoradh air sin.
D’fhéadfadh cailleadh muiníne i measc scairshealbhóirí, mar aon leis an bhféidearthacht go laghdófaí an brabús, a bheith ina thoradh ar scairphraghas níos lú agus d’fhéadfadh seo uile a bheith mar bhonn le laghdú ar luach infheistíochta na scairshealbhóirí.

**Méadú ar bhaincéireacht ar líne / gá le háiseanna feabhsaithe leathanbhanda**
D’fhéadfadh go mbeadh ar chustaiméirí úsáid a bhaint as saoráidí baincéireachta ar an idirlíon agus d’fhéadfadh go mbeadh éileamh ar leathanbhanda níos fearr dá thoradh, go háirithe i gceantair thuaithe.

**1ú freagra ceart: 6 mharc / 2ú freagra ceart: 4 mharc**

(iii) Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a bhfuil deacrachtaí airgeadais ag cuid de na comhair chreidmheasa.

**Drochfhiacha arda**
Tá comhair chreidmheasa áirithe thíos le drochfhiacha arda mar go bhfuil roinnt dá n-iasachtaithe gan a bheith ábalta a n-iasachtaí a aisíoc.

**Síneadh an iomarca iasachtaí / síneadh iasachtaí ag a raibh luach ró-ard / Cúlchistí uireasacha**
D'eisigh comhair chreidmheasa áirithe an iomarca iasachtaí nó d'eisigh siad iasachtaí a raibh luach ró-ard orthu (roinnt iasachtaí i gcomhair morgáiste).
Rinne roinnt comhar creidmheasa a n-iasachtaí a shíneadh barraíocht agus teastaíonn maoiniú ón rialtas / ó cháiníocóirí uathu anois le fanacht i mbun gnó.

**Drochrialachas ar an gcomhar creidmheasa / Tástáil struis uireasach a dhéanamh ar iasachtaithe**
Bhí bainistíocht in easnamh i roinnt comhar creidmheasa (glacadh le drochbheartais iasachtaithe).
Ní dhearna comhair chreidmheasa dóthain measúnachta ar chumas na n-iasachtaithe a n-iasachtaí a aisíoc sa chás gur tháinig athrú ar a gcúinsí airgeadais/eacnamaíocha.

**1 chúis: 4 mharc**

## C7 Trádáil, Easpórtálacha agus méadú an AE

**(a)** I mí na Nollag 2013 rinne an EDT (WTO *i mBéarla*) comhaontú le ballstáit maidir le laghdú ar bhacainní saorthrádála.

(i) Cad dó a seasann na túslitreacha **EDT**?
(ii) Sainmhínigh **gach ceann** de na bacainní saorthrádála seo a leanas: **taraifí** agus **cuótaí**.
(iii) Déan plé ar **dhá** chúis a gcuireann tíortha áirithe bacainní roimh an tsaorthrádáil.

**(25 marc)**

(i) Cad dó a seasann na túslitreacha **EDT**?

**An Eagraíocht Dhomhanda Trádála** **7 marc**

(ii) Sainmhínigh **gach ceann** de na bacainní saorthrádála seo a leanas: **taraifí** agus **cuótaí**.

| Taraifí | Cuótaí |
|---|---|
| Cáin í seo ar earraí iompórtáilte | Is teorainn le cainníocht na n-earraí is féidir a iompórtáil í seo |

**2 shainmhíniú: 4 mharc an ceann = 8 marc**

(iii) Déan plé ar **dhá** chúis a gcuireann tíortha áirithe bacainní roimh an tsaorthrádáil.

**Tionscail intíre a chosaint**
D'fhéadfadh go mbeadh deacrachtaí ag tionscail nua dul in iomaíocht le tionscail sheanbhunaithe ó thíortha eile agus mar sin d'fhéadfadh go roghnódh an rialtas iad a chosaint trí theorainn a chur le hearraí iomaíocha iompórtáilte.

**Fostaíocht intíre a chosaint**
Cailleann daoine a bpost mar gheall ar iomaíocht eachtrach. D'fhéadfaí na poist sin a chosaint trí theorainn a chur le hiompórtálacha.

**Cosaint ar gheilleagair 'an tSaothair Shaoir'**
D'fhéadfadh nach mbeadh gnólachtaí intíre in ann dul in iomaíocht leis na tíortha sin a fhaigheann a mbuntáiste trí phá íseal a íoc lena gcuid oibrithe. D'fhéadfadh rialtas srian a chur le hearraí a iompórtáiltear ó na tíortha sin.

**Slándáil Náisiúnta.**
D'fhéadfadh leathadh galar ainmhithe, i.e. an galar crúibe is béil, a bheith mar thoradh ar shaorthrádáil. Le linn géarchéimeanna mar sin, chuir an rialtas toirmeasc ar iompórtáil eallaigh chun an tionscal ríthábhachtach sin a chosaint.

**Cearta an duine a chosaint / Cuspóirí polaitiúla**
D'fhéadfadh roinnt tíortha smachtbhannaí a chur i bhfeidhm ar na tíortha sin ina dtarlaíonn treascairt ar chearta an duine.

**Earraí straitéiseacha a tháirgeadh**
Táirgeadh tráchtearraí áirithe a mheasann tír a bheith riachtanach d'fheidhmiú an gheilleagair (fuinneamh, bia), d'fhéadfaí é a chosaint ar iomaíocht chun leanúnachas soláthair a chinntiú.

**2 chúis: 5 mharc an ceann = 10 marc**

(b) (i) Eiseamláir is ea Éire de "geilleagar oscailte". Mínigh an ráiteas seo.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shochar atá le baint ag geilleagar na hÉireann as méadú ar easpórtálacha.
(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** thoisc a d'fheadfadh easpórtálacha na hÉireann a dhéanamh níos iomaíche. **(30 marc)**

(i) **Geilleagar oscailte**: geilleagar a théann i mbun trádála (iompórtáil agus easpórtáil). **6 mharc**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shochar atá le baint ag geilleagar na hÉireann as méadú ar easpórtálacha.

**Cruthú fostaíochta**
Nuair is ann d'easpórtálacha is ann d'éileamh breise ar earraí a táirgeadh in Éirinn, agus bíonn breis fostaíochta ann dá bharr.

**Méadú ar OTN / Fás geilleagrach**
Eascróidh ioncam méadaithe laistigh den tír as an airgead a fhaightear ó easpórtálacha.

**Méadú ar bhrabús / ar dhíolacháin**
D'fhéadfadh gnólachtaí intíre a gcuid díolachán/brabúis a mhéadú trína n-aschur barrachais a easpórtáil chuig margadh eachtrach / barainneachtaí scála.

**Airgeadraí eachtracha a thuilleamh**
Is féidir le fáltas airgeadraí eachtracha cur le cúlchistí ár dtíre / an t-airgeadas a chur ar fáil chun cabhrú íoc as ár gcuid iompórtálacha.

**Infheistíocht a mhealladh**
Feabhsóidh easpórtálacha tréana an mhuinín as an tír agus d'fhéadfaidís cuidiú le hinfheistíocht bhreise a mhealladh go hÉirinn.

**Cúrsaí airgeadais an Rialtais.**
Déanfaidh gníomhaíocht gheilleagrach mhéadaithe ioncam cánach méadaithe a ghiniúint don rialtas, e.g. CBL / ÍMAT / Cáin Bhrabús Chorparáide.

**2 shochar: 8 marc an ceann = 16 mharc**

(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** thoisc a d'fheadfadh easpórtálacha na hÉireann a dhéanamh níos iomaíche.

**Luach an Euro in aghaidh luach airgeadraí eile: Dollar / Steirling**
Má laghdaíonn luach an euro in aghaidh luach airgeadraí eile, titfidh praghas easpórtálacha na hÉireann agus beidh easpórtálacha na hÉireann níos iomaíche dá bharr.

**Rátaí boilscithe na hÉireann in aghaidh rátaí boilscithe na n-iomaitheoirí**
Má bhíonn an leibhéal boilscithe níos ísle in Éirinn ná mar a bhíonn sé i margaí easpórtála, beidh buntáiste praghais ag earraí na hÉireann.

**Costais táirgeachta**
Ó tharla gur náisiún oileánda í Éire, bíonn costais táirgeachta (e.g. costais iompair) suntasach nuair a bhíonn earraí á n-easpórtáil ó Éirinn agus ní mór iad a chur san áireamh sa phraghas deiridh.
Má thiteann praghsanna ola, titfidh costas an iompair agus beidh praghsanna easpórtála níos ísle dá bharr.

**Costais Phá**
Má thiteann costais phá in Éirinn faoi na costais phá i margaí easpórtála, d'fhéadfadh praghsanna níos ísle sa mhargadh easpórtála a bheith ina dtoradh ar an laghdú sin.

**2 phointe: 4 mharc an ceann = 8 marc**

(c) Is í an Chróit an ballstát is nua san AE agus tá 28 ballstát san AE anois.

(i) Cad dó a seasann na túslitreacha **AE**?
(ii) Déan plé ar **thrí** iarmhairt eacnamaíochta ar gheilleagar na hÉireann a bhaineann le tuilleadh tíortha a theacht isteach san AE.

**(20 marc)**

(i) Cad dó a seasann na túslitreacha **AE**?

**An tAontas Eorpach** **5 mharc**

(ii) Déan plé ar **thrí** iarmhairt eacnamaíochta ar gheilleagar na hÉireann a bhaineann le tuilleadh tíortha a theacht isteach san AE.

| Iarmhairtí eacnamaíochta **dearfacha** | Iarmhairtí eacnamaíochta **diúltacha** |
|---|---|
| **Margadh níos mó / Fairsingiú Trádála**<br>As a dtagann breis deiseanna díolacháin do ghnólachtaí Éireannacha. Tá an deis ag tomhaltóirí Éireannacha anois leas a bhaint as éagsúlacht níos mó earraí/seirbhísí. | **Costais táirgeachta níos ísle**<br>Tá costais táirgeachta níos ísle ag gnólachtaí sna ballstáit nua, rud a fhágann go bhfuil sé doiligh ag gnólachtaí Éireannacha dul in iomaíocht leo. Mar thoradh ar an mbonn costais níos airde atá roimh ghnólachtaí Éireannacha, d'fhéadfadh go mbeadh ar thomhaltóirí Éireannacha taisteal chun leas a bhaint as seirbhísí níos saoire. Ba lú an t-éileamh a bheadh ar sheirbhísí gnólachtaí Éireannacha dá thoradh, e.g. seirbhísí fiaclóireachta / sláinte. |
| **Deiseanna ar infheistíocht bhrabúsach**<br>D'fhéadfadh gnólachtaí Éireannacha a aithint go bhféadfadh méadú teacht ar a mbrabús dá ndéanfaidís infheistíocht sna tíortha ar baill nua iad. | **Meath ar chistí le haghaidh infheistíochta in Éirinn**<br>D'fhéadfadh saoránaigh na hÉireann infheistiú sna ballstáit nua agus bheadh níos lú cistí ar fáil le haghaidh infheistíochta sa tír seo dá bharr. |
| **Foinse Saothair / Scileanna Nua**<br>D'fhéadfadh gnólachtaí Éireannacha a bheith ábalta a n-éileamh ar shaothar a chomhlíonadh trí shaoránaigh ó na tíortha sin a fhostú / d'fhéadfadh scileanna nua bheith ar fáil freisin. | **Méadú ar inimirce**<br>D'fhéadfadh méadú teacht ar an inimirce. D'fhéadfadh sé seo tuilleadh brú a chur ar bhonneagar an stáit, i.e. earnáil na sláinte agus earnáil an oideachais. |
| **Maolaítear éilimh phá**<br>Má bhíonn saothar ó na tíortha sin ar fáil do ghnólachtaí Éireannacha, seans go mbeidh sé ina chúis le maolú ar éilimh phá in Éirinn. | **Cistí an AE**<br>Ós rud é go mbeidh breis cistí de chuid an AE ag teastáil sna tíortha nua lena dtalmhaíocht / dtionsclaíocht a fhorbairt, d'fhéadfadh go mbeadh níos lú cistí ar fáil do Thalmhaíocht / do Thionsclaíocht na hÉireann dá thoradh, agus/nó cionn is go bhfuil tuilleadh airgeadais ag teastáil ón AE, d'fhéadfadh go mbeadh ar d'Éirinn a bheith ina glan-ranníocóir leis an AE. |

**3 iarmhairt eacnamaíochta: 5 mharc an ceann = 15 mharc**

## C8 Eisimirce, an Dífhostaíocht agus Cuspóirí Eacnamaíochta

**(a)** "In imeacht sé bliana, tá an imirce in Éirinn athraithe ón leibhéal is airde inimirce ghlan san Eoraip go dtí an leibhéal is airde eisimirce ghlan."

(*The Irish Times*, Samhain 2013)

(i) Mínigh **gach ceann** de na téarmaí a bhfuil líne fúthu.
(ii) Déan plé ar **dhá** chúis a bhfuil méadú tar éis teacht ar leibhéil na heisimirce.
(iii) Tabhair breac-chuntas ar iarmhairt eacnamaíochta dhearfach **amháin** agus ar iarmhairt eacnamaíochta dhiúltach **amháin** ar gheilleagar na hÉireann atá ag an méadú ar an eisimirce.

**(30 marc)**

(i) Mínigh **gach ceann** de na téarmaí a bhfuil líne fúthu.

Eisimirce: Gluaiseacht náisiúnach Éireannach chun cónaí in áit eile
Inimirce: Gluaiseacht náisiúnach coigríche chun cónaí in Éirinn

**2 mhíniúchán: 5 mharc an ceann = 10 marc**

(ii) Déan plé ar **dhá** chúis a bhfuil méadú tar éis teacht ar leibhéil na heisimirce.

**An cúlú eacnamaíochta in Éirinn / Deiseanna fostaíochta thar lear**
Tá méadú ar an dífhostaíocht dá thoradh sin toisc go bhfuil níos lú deiseanna fostaíochta ar fáil. Tá daoine ag dul ar eisimirce sa tóir ar phoist i dtíortha eile ina bhfuil folúntais, e.g. Ceanada, an Astráil.

**Rátaí pá in Éirinn**
Tá na rátaí pá in Éirinn ag titim. Fágann sin go bhfuil an caighdeán maireachtála ag éirí níos measa agus tá daoine ag cuardach caighdeán maireachtála níos fearr thar lear.

**Leibhéil chánachais ag dul in airde in Éirinn**
Tá spreagadh á thabhairt do dhaoine bogadh thar lear mar gheall tobhaigh éagsúla ar ioncam agus ar chánacha nua a bheith á dtabhairt isteach.

**Scileanna a fhorbairt thar lear**
Téann roinnt oibrithe oilte ar eisimirce lena gcuid scileanna a fhorbairt mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil.

**Dearcadh níos dóchasaí thar lear / Líonraí Éireannacha thar lear**
Tá daoine áirithe ag dul ar eisimirce toisc go bhfuil an dearcadh níos dearfaí thar lear.
Éascaíonn na pobail Éireannacha atá ann eisimirce.

**1ú freagra ceart: 6 mharc / 2ú freagra ceart: 4 mharc**

(iii) Tabhair breac-chuntas ar iarmhairt eacnamaíochta dhearfach **amháin** agus ar iarmhairt eacnamaíochta dhiúltach **amháin** ar gheilleagar na hÉireann atá ag an méadú ar an eisimirce.

| Iarmhairtí **diúltacha** | Iarmhairtí **dearfacha** |
|---|---|
| **D'fhéadfadh cóimheas cleithiúnais níos airde bheith ann / Cánachas méadaithe**<br>Tá an pobal óg infhostaithe ag fágáil agus d'fhéadfadh cóimheas cleithiúnais níos airde a bheith ann mar gheall air sin. Ní mór don rialtas an daonra cleithiúnach breise sin a mhaoiniú dá bharr. | **Dífhostaíocht laghdaithe**<br>D'fhéadfadh go mbeadh na daoine sin a chuaigh ar eisimirce dífhostaithe dá bhfanfaidís in Éirinn. Laghdaíonn sé sin an brú ar chúrsaí airgeadais an rialtais breis íocaíochtaí leasa shóisialaigh a mhaoiniú. |
| **Deischostas**<br>Cailleann an stát amach ar a infheistíocht in oideachas / in oiliúint na saoránach sin. D'fhéadfadh go bhfuiltear ag cur oideachais ar oibrithe in Éirinn le dul ag obair i dtíortha eachtracha. | **Seoltáin na n-eisimirceach go hÉirinn / Scileanna nua**<br>Seolann eisimircigh airgead ar ais go hÉirinn. Measann an Phríomh-Oifig Staidrimh gurb ionann seoltáin na n-eisimirceach sa bhliain 2013 agus €776m. D'fhéadfaidís filleadh abhaile san fhadtréimhse agus scileanna nua foghlamtha acu. |
| **Caillteanas scileanna sa gheilleagar / "Imirce Daoine Oilte"**<br>Cailleann geilleagar na hÉireann amach ar na hoibrithe / na céimithe a bhfuil na scileanna foghlamtha acu a theastaíonn le cuidiú le fás an gheilleagair. D'fhéadfadh go bhfágfaí an tír gan scileanna fíor-riachtanacha de dheasca 'imirce daoine oilte'. | **Teagmhálaithe / Deiseanna easpórtála**<br>D'fhéadfadh go gcuirfeadh eisimircigh Éireannacha gnólacht ar bun agus go soláthróidís poist d'eisimircigh nua; go gcuirfidís feabhas ar a gcuid scileanna chomh maith le deis easpórtála a chur ar fáil d'earraí Éireannacha, e.g. geansaithe CLG O'Neill's. |
| **Margadh intíre níos lú**<br>De réir mar a chúngaíonn an margadh intíre d'fhéadfadh nach mbeadh an oiread sin deiseanna ag gnólachtaí / fiontraithe infheistíocht a dhéanamh mar go bhfuil éileamh laghdaithe ar earraí agus ar sheirbhísí. | **Laghdú ar éileamh ar sheirbhísí stáit**<br>D'fhéadfadh meath teacht ar an éileamh ar sheirbhísí stáit, e.g. scoileanna, cúram sláinte, iompar, etc. de réir mar a thagann laghdú ar an daonra. D'fhéadfadh staid airgeadais an rialtais feabhsú dá bharr. |
| **Brú aníos ar leibhéil phá in Éirinn**<br>Bíonn na daoine ardoilte níos soghluaiste agus, mar sin, imíonn siad. D'fhéadfadh gur ghá do chuideachtaí leibhéil phá a ardú chun na hoibrithe seo a choinneáil. | |

**2 iarmhairt eacnamaíochta ar bith: 5 mharc an ceann = 10 marc**

**(b)** "Tá ráta na dífhostaíochta ar an leibhéal is ísle ó bhí 2009 ann, de réir na bhfigiúirí is deireanaí ón POS."

(i) Cad dó a seasann na túslitreacha **POS** (CSO *i mBéarla*)?

(ii) Déan plé ar iarmhairt eacnamaíochta **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag titim sa dífhostaíocht ar **gach** ceann díobh seo a leanas:

- Miondíoltóirí in Éirinn;
- Airgeadas an Rialtais;
- Comhardú Trádála na hÉireann (i.e. easpórtálacha sofheicthe lúide iompórtálacha sofheicthe).

**(25 marc)**

(i) Cad dó a seasann na túslitreacha **POS** (CSO *i mBéarla*)?

**An Phríomh-Oifig Staidrimh** **10 marc**

(ii)

| | Ráiteas | Míniúchán |
|---|---|---|
| Miondíoltóirí in Éirinn | **Brabús Méadaithe** | Tá níos mó daoine fostaithe, rud is cúis le méadú ar chumhacht chaiteachais. Méadaíonn díolacháin agus méadóidh brabús freisin. |
| | **Fairsingiú** | D'fhéadfadh miondíoltóirí a bheith ábalta fairsingiú / leanúint i mbun táirgeachta. |
| Airgeadas an Rialtais | **Ioncam cánach** | Tiocfaidh méadú ar ioncam ó cháin ioncaim as fostaíocht mhéadaithe. Tiocfaidh méadú ar Cháin Bhrabús Chorparáide má ardaíonn brabús. Ba chóir go méadódh CBL / dleachtanna máil mar gheall ar bhreis caiteachais |
| | **Caiteachas ar leas sóisialach** | Ba chóir go dtiocfadh laghdú ar leas sóisialach má ardaíonn an fhostaíocht. |
| | **Laghdú ar iasachtaíocht an stáit** | D'fhéadfadh go dtitfeadh leibhéal na hiasachtaíochta stáit mar thoradh ar an bhfeabhsú ar airgeadas an stáit. |
| | **Níos lú fadhbanna sóisialta** | Beidh níos lú acmhainní ar fáil chun dul i ngleic le hiompar frithshóisialta de dheasca leadráin nó bochtaineachta, beidh níos lú fadhbanna sláinte amhail dúlagar, etc. ann mar go mbeidh daoine níos sona agus iad ag obair. |
| Comhardú Trádála na hÉireann | **Iompórtálacha méadaithe** | Méadaíonn cumhacht chaiteachais agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh ardú teacht ar iompórtálacha earraí tomhaltais. |
| | **Iompórtálacha amhábhar** | D'fhéadfadh gnólachtaí fairsingiú agus d'fhéadfadh go mbeadh iompórtálacha méadaithe amhábhar ag teastáil uathu. |
| | **Easpórtálacha méadaithe** | Más rud é go bhfuil an dífhostaíocht ag laghdú, seans go dtugann sé sin le tuiscint go bhfuil gnólachtaí ag méadú agus d'fhéadfadh go mbeadh tuilleadh á easpórtáil acu mar sin. |

**1ú freagra ceart: 7 marc / 2ú & 3ú freagra ceart: 4 mharc an ceann = 15 mharc**

(c) Tá méadú na fostaíochta ar cheann de na cuspóirí eacnamaíochta atá ag Rialtas na hÉireann.

(i) Luaigh agus mínigh **dhá** chuspóir eacnamaíochta **eile** atá ag an rialtas.
(ii) Mínigh beart **amháin** a d'fhéadfadh an rialtas a dhéanamh chun **gach ceann** de na cuspóirí atá luaite agat in (i) thuas a bhaint amach.

**(20 marc)**

(i) Luaigh agus mínigh **dhá** chuspóir eacnamaíochta **eile** atá ag an rialtas.

**Airgeadas an rialtais a bheith inbhuanaithe / iasachtaíocht a laghdú**
Ní mór don rialtas iarracht a dhéanamh ár bhfiachas náisiúnta a laghdú agus é a dhéanamh inbhuanaithe le go mbeidh sé ar ár n-acmhainn é a aisíoc. Tá brú ar an rialtas caiteachas a rialú, go háirithe an costas a bhaineann le seirbhís phoiblí a chur ar fáil

**Fás geilleagrach a bhaint amach**
Beart amháin atá ann ná iarracht a dhéanamh iomaíochas a fheabhsú do thionscail easpórtála na hÉireann le go dtiocfaidh méadú ar easpórtálacha agus go mbeidh méadú ar ioncam dá thairbhe.

**Seirbhísí éifeachtúla stáit a chur ar fáil**
Tá sé mar chuspóir ag an rialtas feabhas a chur ar sheirbhísí laistigh den stát, mar shampla, seirbhísí sláinte, oideachas, etc. Is é an cuspóir atá ann seirbhísí a sholáthar ar chostas níos ísle don cháiníocóir.

**Forbairt bonneagair / leathanbhanda a bheith ar fáil**
Ó tharla go dtrádálann roinnt mhaith gnólachtaí in Éirinn (corparáidí ilnáisiúnta) ar fud an domhain, tá gá le leathanbhanda ardluais. Mar thoradh air sin, rinne an rialtas infheistíocht le déanaí chun go mbeidh teacht níos fearr air.

**Forbairt chothromaithe réigiúnach a chur chun cinn.**
Réamh-mhonarchana a chur ar fáil i gceantair réigiúnacha chun forbairt a chur chun cinn i gceantair nach mórcheantair uirbeacha iad.

**Borradh a chur faoi easpórtálacha / iomaíochas a fheabhsú / infheistíocht a mhealladh**
Trí bhearta a dhéanamh chun iomaíochas a fheabhsú tá súil ag an rialtas go leanfaidh easpórtálacha Éireannacha de bheith ag fás. Tá sé mar aidhm ag an rialtas freisin costas fóntas a laghdú. D'fhéadfadh go mbeadh Éire ní ba tharraingtí d'infheistíocht dhíreach eachtrach dá bharr. Féachann misin trádála leis an Údarás Forbartha Tionscail agus le Fiontraíocht Éireann chuig an tSín etc. le hinfheistíocht dhíreach eachtrach a mhéadú.

**1ú freagra ceart: 8 marc / 2ú freagra ceart: 4 mharc**

(ii) Mínigh beart **amháin** a d’fhéadfadh an rialtas a dhéanamh chun **gach ceann** de na cuspóirí atá luaite agat in (i) thuas a bhaint amach.

**Seirbhísí éifeachtúla stáit a chur ar fáil**
D’fhéadfadh an rialtas deireadh a chur le cur amú agus/nó dúbailt seirbhísí stáit a laghdú. D’fhéadfadh an laghdú ar líon na n-údarás áitiúil cuidiú le costais a laghdú.

**Forbairt bonneagair**
Is féidir leis an rialtas próiseas feabhsaithe na seirbhíse leathanbhanda i gceantair réigiúnacha a bhrostú. D’fhéadfadh sé sin spreagadh a thabhairt do níos mó daoine gnólacht a bhunú.

**Bonn cánach níos leithne**
D’fhéadfadh an rialtas ‘cáin siúcra’ a thabhairt isteach le go méadaíonn ioncam cánach tuilleadh agus chun laghdú ar leibhéil mhurtaill in Éirinn a bhaint amach ag an am céanna.

**Airgeadas inbhuanaithe rialtais**
Ba chóir don rialtas cloí lena phleananna chun an t-easnamh a laghdú go 3% den OTI. Cabhróidh sé sin le laghdú ar an ngá atá againn le hairgead a fháil ar iasacht agus le méadú ar mhuinín as an tír, rud a d’fhéadfadh infheistíocht dhíreach eachtrach bhreise a mhealladh.

**2 bheart chearta: 4 mharc an ceann**